Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
Environment, Heritage and Local Government

Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra
Oifig an Laig Dhuibh: 098 49996

Nuachtlitir mhí an Mheithimh 2008 – Eagrán Uimh. 3

An tEolas is deireanaí faoin Ionad Cuairteoirí sa Pháirc Náisiúnta:

Tá an obair thógála ar an ionad cuairteoirí sa Pháirc Náisiúnta ionann is críochnaithe. Tabharfaidh an pictiúr seo thíos léargas do dhaoine nach dtéann thar bráid go minic faoina bhfuil déanta.
Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach uile dhuine a sheol tuairimí, déantúsáin agus araile isteach le haghaidh an ionaid agus le gach uile dhuine a d'fhreastail ar an gcur i láthair a bhí ag na páirtithe leasmhara leis an Wildfowl and Wetland Trust Consulting (WWTC) in Oifig na Páirce Náisiúnta sa Lag Dubh i mí Feabhra as a dtuairimí a roinnt.

Céard atá ag tarlú sa Pháirc Náisiúnta agus i Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe/Néifinne faoi láthair?

* Tá an suirbhé ar an gCearc Fhraoigh (*Lagopus lagopus hibernicus)* críochnaithe don bhliain seo. Rinneadh suirbhé ar ocht gcearnóg x 1km i Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) na hAbhann Duibhe/Néifinne. Chonacthas an chearc fhraoigh i gceithre cinn de na hocht gcearnóg nó bhí comharthaí ann go raibh sí iontu. Tá na héin Éireannacha níos gile ná na héin Albanacha agus b'fhéidir gurb é is cúis leis sin go bhfuil siad imithe i gcleachtadh na ngnáthóg fraoigh atá faoi fhéar agus faoi chíb den chuid is mó.

Ní bhíonn ina gcuid neadacha ach mar a bheadh scríobadh éadomhain sa talamh. Is idir 6 agus 9 gcinn d'uibheacha a bheireann siad de ghnáth agus caitheann siad idir 19 agus 25 lá

ar gor. Bíonn na sicíní ar a gcosa agus á mbeathú féin taobh istigh de chúpla uair an chloig. Nuair a bhíonn fraoch úr agus fraoch fásta ina chéile cinntíonn sé sin go mbíonn an caighdeán is fearr de ghnáthóg ag na cearca fraoigh agus ag a n-álta. Teastaíonn fraoch ard leis an nead a chlúdach agus na sicíní a chosaint agus teastaíonn gais óga le haghaidh iad a bheathú.

Bí ag faire amach más ea don éan éalaitheach seo agus dá hál nuair a bheidh tú ag fánaíocht ar na cnoic. Is cinnte go mbainfidh siad geit asat nuair a éireoidh siad go tobann den talamh ag do chosa agus nuair a bhaileoidh siad leo ar eite.

* Beifear fós i mbun an tsuirbhé ar an Atlas Éan 2007-11 le linn shéasúr an ghoir agus nuair a bheidh na hálta á ligean amach. Tháinig sé chun solais i suirbhé an gheimhridh go bhfacthas ealta gealóg sneachta agus dreoilíní thart ar chuid de na ceantair is iargúlta de na sléibhte.
Más mian leat fós a bheith páirteach féadfaidh tú sin a dhéanamh; níl le déanamh ach d'ainm a chur síos le Cairde Éanlaith Éireann ar www.birdatlas.net nó glaoch ar Chairde Éanlaith Éireann, 057-9151676. Is iontach an bealach é chun am a chaitheamh faoin aer agus chun cuairt a thabhairt ar roinnt de na ceantair áille seo atá sa réigiún.

* Tá an Maoirseoir Caomhantais, Cameron Clotworthy, ag tabhairt faoi PhD go páirtaimseartha faoi láthair. Is í an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra atá ag maoiniú na dochtúireachta agus is staidéar ar an bhFeadóg Bhuí fad is a bhíonn sí ar gor agus fad is a bhíonn a hál á ligean amach aici i Limistéar faoi Chosaint Speisialta na hAbhann Duibhe/Néifinne an t-ábhar atá idir lámha aige. Feictear na héin seo go coitianta ar chósta Mhaigh Eo sa gheimhreadh agus iad á mbeathú féin ina n-ealta líonmhara tar éis dóibh turas a chur díobh ón Íoslainn. Filleann siad ar an Íoslainn san earrach le hál a ligean amach ach ligeann cuid acu a n-álta amach ar phortaigh agus ar thailte arda anseo. Beireann an fheadóg bhuí 3 cinn nó 4 cinn d'uibheacha i nead nó i scríob sa talamh agus téann sí ar gor orthu ar feadh 28 lá nó mar sin. Bíonn na sicíní ar a gcosa taobh istigh de 24 uair an chloig agus beathaíonn siad iad féin ar fheithidí beaga fad is a bhíonn na héin mhóra á bhfaire.

Speicis iad seo a liostaítear in Iarscríbhinn I faoin Treoir ón AE maidir le hÉin. Is leas cáilitheach amháin iad den chuid sin ar ainmníodh an SPA faoina gcomhair. Díreofar cuid den taighde i mbliana chun a fháil amach cé mhéid den ghnáthóg a úsáideann na sicíní agus iad ar lorg beatha. Úsáidfear rianú raidió (faoi cheadúnas). Cuideoidh sé sin linn chun fáil amach cé chomh fada is a imíonn na sicíní ón nead agus céard iad na gnáthóga atá tábhachtach dóibh le bheith ag beathú orthu.

* Táthar i mbun staidéir ar an daol *Carabus clatratus* atá sa Limistéar faoi Chosaint Speisialta. Is féidir leis an daol mór talún seo (22-28mm) a bhfuil dath niamhdhonn/glas air dul ar thóir beatha faoin uisce agus is iad na hithreacha báite is fearr leis.

Tá sé tugtha síos faoi go bhfuil sé ag dul i léig in Iarthar na hEorpa (ceaptar go bhfuil sé imithe in éag sa Ríocht Aontaithe). Bhíodh sé le fáil go forleathan in Éirinn ar bhratphortaigh neamhbhearnaithe ach tá sé le fáil ar fud na háite anois. Tá sé anseo sa SPA agus beidh an staidéar

seo ina chuidiú chun a fháil amach cén raon dáilte atá faoi.

*Tionólfar an 13ú Comhdháil ar Phortaigh Idirnáisiúnta i gCo. Uíbh Fhailí i mbliana. Beidh sé ar siúl ón 8ú-13ú Meitheamh. Pléifear roinnt mhaith ábhar lena n-áirítear úsáid na móna mar ábhar fuinnimh, mar ábhar i gcúrsaí gairneoireachta, foraoiseacht ar phortaigh agus an úsáid a bhaintear as portach tar éis é a bheith réitithe agus bearnaithe.
Freastalóidh toscairí as gach cearn den domhan agus rachaidh siad ar thuras chuig Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich agus chuig portaigh eile i gCo. Mhaigh Eo fad is a bheidh an chomhdháil ar siúl.

* Beartaítear na comharthaí bealaigh (comharthaí slí) a fheabhsú ar feadh Shlí Bhaingear. Déanfar an obair seo i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo, an Scéim Shóisialta Tuaithe agus Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich. Fágadh drochbhail ar an tSlí le blianta beaga anuas agus níl sé faoi árachas ó tharla an bhail atá air faoi láthair. Cuirfear árachas eatramhach i bhfeidhm a thúisce is a thosófar ar an obair ar na comharthaí slí.

Meabhrúchán: Tá na héin ag luí ar a neadacha/ag ligean álta amach faoi láthair. Moltar gan fálta sceach, casarnach ná fásra imill a ghearradh, a ghlanadh, a dhó ná a scriosadh i gcaitheamh an ama sin (1chd Márta-31ú Lúnasa).
Is iontach an obair chaidrimh phoiblí a dhéanann éin ar mhaithe leis an bhfiadhúlra; is breá leis an saol mór bheith ag éisteacht leo agus ag féachaint orthu. Is gnáthóga tábhachtacha do gach cineál fiadhúlra iad na fálta sceach, mar sin tabhair nóiméad duit féin sula dtosaí tú "ag glanadh" suas thart timpeall an ghairdín/na feirme.

Flóra: Is beag bia a bhíonn le fáil ar phortaigh. Is amhlaidh sin mar go gcuireann an aigéadacht isteach ar mhionbhaictéir agus ar fhungais gur gnáth leo cothaithigh a dhéanamh ionas go mbeidís ag plandaí lena n-úsáid. Ach tá na plandaí portaigh tar éis líon áirithe bealaí a tharraingt chucu féin chun déileáil leis seo.

Plandaí a n-oireann an saol ar an bportach atá ar bheagán cothaitheach (féach an pictiúr ar clé) go maith dóibh is ea na drúchtíní feithiditeoirí (*Drosera sp).* Bíonn faireoga fada ar a gcuid duilleog agus daba de ghumalacht ghreamaitheach ar gach aon cheann díobh. Téann feithid i bhfostú ar na duilleoga, crapann na dlaoithe isteach, gabhtar an fheithid agus leánn na súlach díleách as na faireoga í. Úsáideann an planda an t-ábhar nítrigine ansin le haghaidh fáis.
D'úsáideadh na treibheanna Ceilteacha an drúchtín fadó chun dath a chur ina gcuid gruaige. Bhruití na duilleoga i mbainne asail chun an triuch agus an plúchadh a leigheas.

Tá bealach eile ag lus an ghiolla (*Pedicularis sylvatica)* chun cothaithigh a fháil. Sin é an heimea-sheadán. Fáisceann sé a fhréamhacha thart timpeall ar an tor a mbíonn sé le cothaithigh a bhaint as, fraoch de ghnáth, agus baineann sé na cothaithigh as ar mhaithe le síolta a chur.
D'úsáidtí na bláthanna in Albain chun cosmaidí a dhéanamh.
Déanann na síolta tirime torann sna folaíóga nuair a shéideann an ghaoth iad agus is é sin an fáth go nglaoitear "red rattle" i mBéarla ar an "milseán móna".

An raibh a fhios agat seo?

Léicin – faightear an speiceas seo ar cibé céard air a gcaitheann duine a shúil – leaca uaighe, crainn, díonta agus araile. Le fírinne is cumasc d'algaí agus d'fhungais iad. Bíonn clóraifill i gcuid an alga de agus mar sin bíonn sé ábalta bia a dhéanamh (fótaisintéis, cuimhneoidh tú air sin ón scoil, an próiseas le siúcra a dhéanamh le dé-ocsaíd charbóin agus le galuisce as an aer agus solas na gréine mar ábhar fuinnimh). Is í cuid an fhungais de an córas dáilte, an t-iarnród, mar a déarfá.

Is táscairí iontacha bitheolaíochta iad na léicin. Is ar chaighdeán an aeir a bhraitheann sé cibé an mbíonn nó nach mbíonn siad ar stoc crainn i gceantar. Ní bhíonn fréamh ar bith fúthu, súnn siad gach a mbíonn uathu as an aer agus as an mbáisteach. Fásfaidh neart díobh má bhíonn caighdeán an aeir go maith. Ach má bhíonn truailleáin san aer súfaidh siad isteach iad agus gheobhaidh siad bás.

Ialtóga: Is mamaigh (cosúil linne) iad na hialtóga .i. tá siad clúdaithe le fionnadh (mar atá cuid againn), fuil the atá iontu agus saolaíonn siad agus tugann siad cíoch dá n-óige. Tá deich speiceas díobh deimhnithe in Éirinn.

Liostaítear na hialtóga Éireannacha go léir faoi Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga mar speicis ar gá dianchosaint a thabhairt dóibh. Tá cosaint acu chomh maith faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoin Leasú 2000. Níor mhór fógra a thabhairt don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoi ghníomh ar bith gur dócha go mbeadh tionchar aige ar ialtóga nó ar na láithreacha ar a dtéann siad ar a bhfara. Nuair a bheidh cigireacht déanta ar an láthair tabharfar comhairle maidir lenar féidir, cén chaoi inar féidir agus cén uair is féidir an gníomh molta a dhéanamh. Is cion é, mura bhfuil ceadúnas agat, ialtóg a mharú d'aon turas, nó í a láimhseáil nó cur as di ná don láthair ar a bhfuil sí ar a fara.



Is feithiditeoirí iad (feithidí an bia a bhíonn acu) agus aimsíonn siad a gcreach ó mhacalla. Eisíonn siad bíoga gearra ardmhinicíochta agus tugann na macallaí a chaitheann na bacainní a bhíonn ina mbealach fuaim-íomhá ar ais chucu den áit a mbíonn an chreach. Tá ar a gcumas ionann is 3,000 míoltóg a ithe in aon oíche amháin.

Braitheann siad go mór ar sheanfhoirgnimh agus ar fhoirgnimh nua le bheith ar a bhfara iontu. Má tá sé de phribhléid agat go bhfuil siad in aontíos leat (teastóidh uait bheith sásta cur suas leo agus dea-thoil a bheith agat dóibh) féachfaimid le roinnt comhráite cailleach a chur de leataobh anois agus go brách. Ní ionsaíonn siad duine, níl siad caoch, ní theagmhaíonn siad le do chuid gruaige agus ní dhéanann siad damáiste ar bith do dhéanmhais.
Ialtóga beaga iad na cineálacha go léir atá againn; d'fhéadfá ceann a leagan ar bhos do láimhe. Saolaítear ceann óg amháin ag teannadh le deireadh mhí an Mheithimh agus tógann an mháthair é. Cuireann siad míonna an gheimhridh díobh istigh in áiteanna níos fionnuaire cosúil le pluaiseanna, droichid, poill chrainn nó i scoilteanna i dtithe taobh amuigh a bhíonn déanta as cloch.

D'fhéadfása do chion a dhéanamh chun ialtóga a chaomhnú. D'fhéadfá do mhaoirseoir caomhantais áitiúil a chur ar an eolas dá mbeadh ialtóga i do cheantar, boscaí a shocrú dóibh le go mbeadh níos mó áiteanna acu le bheith ar a bhfara, fálta sceach, bogaigh agus coillte (láithreacha ina mbíonn bia á lorg acu) a chothabháil nó a athbhunú.
Má bhíonn sé i gceist agat an díon a dheisiú nó athruithe a dhéanamh ar fhoirgneamh ina bhfuil ialtóga ar a bhfara téigh i dteagmháil leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le do thoil. Is iondúil nach mbíonn i gceist ach an obair a leagan amach le déanamh nuair nach gcuirfeadh sí isteach ar shíolrú ná ar fháireadh an gheimhridh. Maraíonn cóireáil áirithe a dhéantar ar adhmad na hialtóga ó tharla go mbíonn nimh inti. Anseo arís níl le déanamh ach cuimhneamh i gceart ar an gcineál táirge agus ar an am a n-úsáidfear é agus is mór an difríocht a dhéanfaidh sé sin.

Bunaíodh an grúpa, Bat Conservation Ireland, ar mhaithe leis na hialtóga a chaomhnú. Bíonn cúrsaí oiliúna acu ar úsáid bhrathadóirí ialtóg, eagraíonn siad siúlóidí sa tráthnóna ar lorg na n-ialtóg agus eagraíonn siad cainteanna agus araile. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar www.batconservationireland.org nó glaoch orthu, 01-8011474.

Táthar le tabhairt faoi Shuirbhé ar Ialtóga Daubenton an fómhar seo sa Pháirc Náisiúnta agus d'fháilteofaí roimh eolas ar bith a d'fhéadfaí a thabhairt le haghaidh suirbhé an Atlais Náisiúnta Ialtóg (eolas faoi láithreacha ina dtéann ialtóga ar a bhfara agus araile). Féadfar teagmháil a dhéanamh leis an Maoirseoir Caomhantais, Nicola Carroll, san oifig sa Lag Dubh.